Prize Bonds
State Savings



An Chuideachta Duais-Bhannaí
Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe

# Tuarascáil Bhliantúil 2018

# Clár Ábhar


| | Leathanach |
|---|---|
| Faisnéis Chorparáideach | 1 |
| Ráiteas ón gCathaoirleach | 2 |
| Tuarascáil na Stiúrthóirí | 4 |
| Ráiteas maidir le Freagrachtaí Stiúrthóirí | 5 |
| Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách | 6 |
| Ráiteas Ioncaim | 9 |
| Ráiteas ar Staid an Airgeadais | 10 |
| Ráiteas um Athruithe sa Chothromas | 11 |
| Ráiteas faoi Shreafaí Airgid | 12 |
| Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais | 13 |
| Faisnéis Fhorlíontach<br>- Staitisticí Oibriúcháin (neamhiniúchta) | 19 |

# Faisnéis Chorparáideach

## Stiúrthóirí
John Daly (Cathaoirleach)
Denis Creighton
Frank O'Connor (a d'éirigh as an 2 Eanáir 2018)
Anthony Linehan (ceaptha 2 Eanáir 2018)
Alan McGeehan
William Mooney
Mary O'Connell
Ivo O'Sullivan
John Rice

## Rúnaí
Brian Fay

## Oifig Chláraithe
Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.

## Ionaid Oibríochtúla
Bóthar Uíbh Ráthach, Cill Orglan, Co. Chiarraí, V93 WN9T.
Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 F592.

## Iniúchóir
Deloitte Ireland LLP
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil
Teach Deloitte & Touche
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2
D02 AY28

## Baincéirí
Banc na hÉireann

## Aturnae
Hugh O'Reilly, Ard-Oifig an Phoist

## Láithreán Gréasáin
www.StateSavings.ie

## Uimhir Chlárúcháin
144332


**I mbliana, an 30ú bliain ó cuireadh tús leis na Duais-Bhannaí in 1989, is cúis áthais dom bliain dhearfach eile a thuairisciú in 2018, maidir le díolacháin agus fás cistí agus maidir leis an tseirbhís dár gcustaiméirí a fheabhsú, chomh maith.**

**Tháinig méadú go €574m ar dhíolacháin i rith na bliana. Tháinig méadú nach mór 8% ar an gciste (an tsuim iomlán a infheistíodh i nDuais-Bhannaí) go €3.415 billiún, rud a léiríonn muinín leanúnach na gcustaiméirí as an táirge.**

Ba iad seo a leanas na táscairí feidhmíochta oibriúcháin don bhliain 2018:

| **Táscaire** | **Feidhmíocht** | **% Athrú ar 2017** |
|---|---|---|
| Díolacháin | €574.3m | 1.2% |
| Aisíocaíochtaí | €328.4m | 11.2% |
| Díolacháin lúide aisíocaíochtaí | €245.9m | (9.6%) |
| Luach an Chiste ag deireadh na bliana | €3,415.2m | 7.7% |
| Luach na nduaiseanna a bronnadh | €16.4m | (22.7%) |
| Líon na nduaiseanna a bronnadh | 224,474 | (25.7%) |
| Líon na gceannachán | 213,261 | (7.1%) |

## Crannchuir sheachtainiúla na nDuais-Bhannaí




Léiríonn an fás leanúnach ar chiste na nDuais-Bhannaí spéis na gcustaiméirí i nDuais-Bhannaí mar tháirge. Is éard a mheallann custaiméirí ná cineál uathúil a gcuid infheistíochtaí, go bhfuil cistí á gcaomhnú le chéile mar aon leis an deis duaiseanna a bhuachan gach seachtain. In 2018, d'eisíomar breis agus 224,000 duaiseanna dár gcustaiméirí. Eisímid breis is 4,600 duais ar bhonn seachtainiúil faoi láthair.

Cinneann Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (GBCN) luach iomlán na nduaiseanna atá le heisiúint trí ráta úis a chur i bhfeidhm ar luach na nDuais-Bhannaí atá amuigh. Níor tháinig aon athrú ar an ráta seo ó Lúnasa 2017.

# Ráiteas ón gCathaoirleach (ar lean)

## Duaiseanna Neamhéilithe

Ag deireadh 2018, b'ionann líon na nduaiseanna neamhéilithe a bailíodh ó seoladh an táirge i 1957 agus €2.74 milliún. Sainmhínítear duaiseanna neamhéilithe mar dhuaiseanna nach n-éilítear tar éis sé mhí. Ba chóir a thabhairt faoi deara go ndéanaimid cumarsáid le gach buaiteoir duaise ag an seoladh atá againn don chustaiméir. Is é is cúis le duaiseanna neamhéilithe go príomha ná nach gcuireann custaiméirí in iúl dúinn má athraíonn siad a seoladh. Molaimid do chustaiméirí sinn a chur ar an eolas faoi athruithe chomh luath agus is féidir tar éis an athraithe.

Is cuid an-bheag de luach na nduaiseanna a bronnadh thar na blianta ó thús Scéim na nDuais-Bhannaí é an méid atá amuigh sna duaiseanna seo. Tá na duaiseanna go léir liostaithe ar shuíomh gréasáin Choigilteas Stáit, **www.StateSavings.ie**. Tá sé tábhachtach cuimhneamh go gcoimeádtar duaiseanna ar feadh tréimhse éiginnte go dtí go n-éilíonn sealbhóir bannaí iad.

## Seirbhís a Fheabhsú

Is táirge an-tábhachtach iad Duais-Bhannaí i bpunann táirgí Choigilteas Stáit atá á cur ar fáil d'infheisteoirí miondíola thar ceann GBCN. I rith 2018, leanamar ar aghaidh leis na hinfheistíochtaí a bhí á ndéanamh againn le blianta beaga anuas chun ár gcórais agus ár bpróisis a fhorbairt agus a fheabhsú. Tá an-tóir ar ár mbunachar sonraí custaiméirí nua i measc custaiméirí a cheannaíonn uainn arís is arís eile. Tugadh isteach é in 2016 agus tá an próiseas ceannaigh níos éasca anois. In 2001, seoladh suíomh gréasáin nua feabhsaithe, rud a d'fhág go raibh sé níos éasca do chustaiméirí tuilleadh eolais a fháil maidir lenár dtáirge agus é a cheannach. Tá áthas orm a thuairisciú go gcuirtear 8% dár ndíolacháin i gcrích ar líne anois.

D'oibríomar go dlúth le GBCN chun na próisis chustaiméara a fheabhsú. Tá pleananna i bhfeidhm chun leanúint leis na feabhsuithe seo in 2019, go háirithe le tabhairt isteach níos mó seirbhísí ar líne. Sna blianta amach romhainn, beidh custaiméirí in ann a sealúchais Choigilteas Stáit, lena n-áirítear Duais-Bhannaí, a fheiceáil ar líne agus tuilleadh gníomhartha a dhéanamh linn trí leas a bhaint as a rogha cainéil. Feabhsófar an próiseas ceannaigh do chustaiméirí a bhíonn ag ceannach go rialta in Oifigí Poist in 2019. Is forbairt thábhachtach í seo ós rud é go ndéantar os cionn 50% de cheannacháin in Oifigí Poist.

Tá sé ríthábhachtach seirbhísí uilechainéil do chustaiméirí a chruthú chun seirbhísí feabhsaithe a sholáthar do chustaiméirí amach anseo agus táim cinnte go mbeidh custaiméirí sásta leis na hathruithe atá beartaithe.

## Buíochas

Mar is gnách, gabhaim buíochas as an méid oibre a rinne mo chomhbhaill ar an mBord le linn na bliana seo caite.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil chomh maith le bainistíocht agus foireann An Post agus FEXCO as a gcuid oibre a chuir go mór lenár bhfeidhmíocht in 2018.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta as a dtacaíocht leanúnach agus a gcúnamh fíorluachmhar.



John Daly, Cathaoirleach

Is cúis áthais do na Stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil a chur i láthair, mar aon le ráitis airgeadais iniúchta an Ghrúpa don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018.

## 1. An Chuideachta

Déanann an Chuideachta Scéim na nDuais-Bhannaí a riaradh faoi chonradh le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a mhairfidh go dtí 31 Nollaig 2019. Cé nach bhfuil aon chinnteacht ag an bpointe seo maidir le todhchaí an chonartha seo tar éis an 31 Nollaig 2019, tá sé curtha in iúl dúinn ag GBCN go mbeifí ag súil leis go leanfadh an chuideachta ag soláthar seirbhísí ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad tar éis an dáta thuasluaite. Ar an mbonn sin, tá na Stiúrthóirí muiníneach go leanfaidh an conradh go dtí deireadh mhí an Mhárta 2020 ar a laghad.

Tá an scairchaipiteal eisithe i seilbh An Post agus FEXCO, 50% an ceann.

## 2. Torthaí don bhliain

Tá torthaí na bliana leagtha amach sa ráiteas ioncaim ar leathanach 9 agus sna nótaí gaolmhara. Ní mholann na stiúrthóirí go n-íocfaí díbhinn don bhliain airgeadais (2017: €Nialas).

## 3. Athbhreithniú gnó

Tá an t-athbhreithniú gnó san áireamh i Ráiteas an Chathaoirligh. Mar a thuairiscítear ann, bhí feidhmíocht dhearfach ag an gCuideachta arís in 2018. Ba mhór na díolacháin a bhí againn arís i mbliana €574.3m (2016: €567.4 milliún). Tháinig méadú 8.6% go €10.8m ar na táillí conartha a thuill an Chuideachta, rud a léiríonn an méadú ar dhíolacháin agus méid an chiste. Is léiriú iad athruithe ar an gclár comhardaithe agus ar an staid airgid den chuid is mó ar thráthúlacht íocaíochtaí le páirtithe gaolmhara.

Áirítear ar na príomhrioscaí agus neamhchinnteachtaí atá le sárú ag forbairt na Cuideachta amach anseo feidhmíocht a fochonraitheoirí agus a chinntiú go bhfuil baint ag ár dtáirge leis an margadh ina n-oibrímid, margadh atá ag éirí níos iomaíche i gcónaí. Tá raon straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí seo agus ar rioscaí eile atá os comhair na Cuideachta.

## 4. Stiúrthóirí, rúnaí agus a leasanna

Tá na hathruithe maidir le Stiúrthóirí agus Rúnaí na Cuideachta i rith na bliana leagtha amach ar Leathanach 1. Ní raibh aon leas ag na stiúrthóirí ná ag an rúnaí, a bhí in oifig ar an 31 Nollaig 2018, i scaireanna ná bintiúir na Cuideachta nó i mbintiúir aon chuideachta de chuid an Ghrúpa.

## 5. Iartheagmhais

Ní raibh aon imeachtaí idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais seo a d'éileodh coigeartú nó nochtadh sna ráitis airgeadais seo.

## 6. Taifid chuntasaíochta

Trí fhoireann le saineolas cuí a fhostú agus acmhainní dóthanacha a sholáthar don fheidhm airgeadais, creideann na stiúrthóirí go bhfuil riachtanais Alt 281 go hAlt 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le taifid leordhóthanacha chuntasaíochta comhlíonta acu. Coinnítear taifid chuntasaíochta na Cuideachta san oifig chláraithe.

## 7. Faisnéis ábhartha iniúchóireachta

Creideann na stiúrthóirí go bhfuil gach céim riachtanach tógtha acu chun iad féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh agus tá sé deimhnithe acu go bhfuil iniúchóirí reachtúla na Cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin. Go bhfios dóibh, níl aon fhaisnéis ábhartha a bhaineann leis an iniúchadh nach bhfuil ar eolas ag iniúchóirí reachtúla na Cuideachta.

## 8. Iniúchóir

De réir Alt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, leanfaidh an t-iniúchóir Deloitte Ireland LLP, Cuntasóirí Cairte, in oifig.

Faofa ag an mBord agus sínithe thar a cheann ag:

| | | |
|---|---|---|
| John Daly | Denis Creighton | |
| Cathaoirleach | Stiúrthóir | 29 Márta 2019 |

# Ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí maidir le tuarascáil na stiúrthóirí agus leis na ráitis airgeadais

Tá na stiúrthóirí freagrach as tuarascáil na stiúrthóirí agus ráitis airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí na hÉireann ar na stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú do gach bliain airgeadais. Faoin dlí, roghnaigh na stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa a chur le chéile de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Tuairiscithe Airgeadais arna nglacadh ag an Aontas Eorpach. Faoi dhlí na gcuideachtaí, ní féidir leis na stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta ag dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó ar chaillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais agus go gcomhlíonann siad ar gach slí eile Acht na gCuideachtaí 2014.

Agus na ráitis airgeadais sin á n-ullmhú acu, ní mór do na stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta do Ráitis Airgeadais na Cuideachta a roghnú agus ansin iad a chur i bhfeidhm go leanúnach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama;
- a lua cibé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh iad i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta a infheidhme, na caighdeáin siúd a shainaithint, agus an éifeacht agus na cúiseanna a bhíonn le haon imeacht ábhartha ó na caighdeáin siúd; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach ach amháin i gcás nach cuí a thoimhdiú go leanfaidh an chuideachta de bheith i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as taifid chuí chuntasaíochta a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó caillteanas na Cuideachta agus cuireann ar a gcumas a chinntiú go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais de réir an chreata cuntasaíochta infheidhmithe atá i gcomhréir le hAcht na gCuideachtaí 2014. Tá freagracht ghinearálta orthu as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun sócmhainní na cuideachta a chosaint agus calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus dá bhrí sin as céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

D’fhéadfadh go bhfuil reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh ráitis airgeadais éagsúil ó reachtaíocht i ndlínsí eile. Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil agus ionracas na faisnéise airgeadais agus corparáidí atá ar shuíomh gréasáin na cuideachta.

Thar ceann an bhoird

John Daly
Cathaoirleach

Denis Creighton
Stiúrthóir

29 Márta 2019

**Tuairisc ar iniúchadh na ráiteas airgeadais**

**Tuairim ar ráitis airgeadais Chuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Cuideachta Duais-Bhannaí ('an chuideachta')**

Inár dtuairim:

- tugann ráitis airgeadais na cuideachta léargas fírinneach cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail an bhliain airgeadais dar chríoch 31 Nollaig 2018 agus ar an toradh don bhliain airgeadais dar chríoch an dáta sin; agus
- ullmhaíodh iad de réir an chreata tuairiscithe airgeadais ábhartha agus, go háirithe, de réir cheanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Is é atá sna ráitis airgeadais a ndearnamar iniúchadh orthu:

- an Ráiteas Ioncaim;
- an Ráiteas ar Staid an Airgeadais;
- an Ráiteas um Athruithe sa Chothromas;
- an Ráiteas faoi Shreafaí Airgid; agus
- na nótaí gaolmhara 1 go 13, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta mar a leagtar amach i nóta 1.

Is é an creat ábhartha um thuairisciú airgeadais a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú ná Acht na gCuideachtaí, 2014 agus Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) arna nglacadh ag an Aontas Eorpach ("an creat ábhartha um thuairisciú airgeadais").

## Bonn na tuairime

Rinneamar ár n-iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) agus an dlí is infheidhme. Déantar cur síos thíos ar na freagrachtaí atá orainn faoi na caighdeáin sin sa chuid "Freagrachtaí an iniúchóra as an iniúchadh ar na ráitis airgeadais" den tuarascáil.

Táimid neamhspleách ar an gcuideachta i gcomhréir leis na ceanglais eiticiúla a bhaineann lenár n-iniúchadh ar na ráitis airgeadais in Éirinn, an Caighdeán Eiticiúil a d'eisigh Údarás Maoirseachta Cuntasaíochta agus Iniúchóireachta na hÉireann san áireamh, agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na riachtanais seo. Creidimid go bhfuil an fhianaise iniúchóireachta atá faighte againn leordhóthanach agus cuí chun bonn a thabhairt i leith ár dtuairime.

## Éiginnteacht Ábhar a Bhaineann le Gnóthas Leantach

Tarraingímid aird ar nóta 1 de na ráitis airgeadais a léiríonn go ndéanann an Chuideachta Scéim na nDuais-Bhannaí a riaradh faoi chonradh le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a mhairfidh go dtí 31 Nollaig 2019. Cé nach bhfuil aon chinnteacht ag an bpointe seo maidir le todhchaí an chonartha seo tar éis an 31 Nollaig 2019, tá fógra tugtha ag GBCN do na stiúrthóirí go mbeifí ag súil go leanfadh an chuideachta ag soláthar seirbhísí ar feadh trí mhí ar a laghad tar éis an dáta sin.

Ar an mbonn sin, tá na Stiúrthóirí muiníneach go leanfaidh an conradh ar aghaidh go dtí an 31 Márta 2020 ar a laghad agus tá na ráitis airgeadais ullmhaithe acu ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Léiríonn na dálaí seo go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann a d'fhéadfadh amhras suntasach a chruthú i leith chumas na cuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Níor tháinig aon athrú ar ár dtuairim maidir leis an ábhar seo.

## Eolas Eile

Is iad na stiúrthóirí atá freagrach as an bhfaisnéis eile. Cuimsíonn an fhaisnéis eile an fhaisnéis atá san áireamh sna Tuarascálacha agus sna Ráitis Airgeadais don bhliain airgeadais dar chríoch an 31 Nollaig 2018, seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra. Ní chuimsíonn ár dtuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile agus, seachas a mhéid a luaimid go sonrach inár dtuarascáil é, ní léirímid aon chineál conclúide dearbhaithe dá réir sin.

I dtaobh an iniúchta a rinneamar ar na ráitis airgeadais, táimid freagrach as an bhfaisnéis eile a léamh agus, nuair atá amhlaidh á dhéanamh, breithniú a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil an fhaisnéis eile neamh-chomhsheasmhach leis na ráitis airgeadais nó an t-eolas a fuaireamar san iniúchadh, nó más dealraitheach, ar bhealach eile, go ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má shainaithnímid an neamh-chomhsheasmhacht nó an míshonrú soiléir ábhartha siúd, tá orainn a dheimhniú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil míshonrú ábhartha sna ráitis airgeadais nó an ndearnadh an fhaisnéis eile a mhíshonrú go hábhartha. Má dhéanaimid amach, bunaithe ar an obair a rinneamar, go bhfuil an fhaisnéis eile sin míshonraithe go hábhartha, éilítear orainn an méid sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn ina leith seo.

## Freagrachtaí na stiúrthóirí

Mar a mhínítear níos mó sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúrthóirí, tá na stiúrthóirí freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus a bheith sásta go dtugann siad léargas fírinneach cóir agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 ar gach bealach eile, agus as cibé rialú inmheánach a mheasann na stiúrthóirí a bheith riachtanach le go mbeifear in ann ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin de bharr calaoise nó earráide.

In ullmhú na ráiteas airgeadais, tá na stiúrthóirí freagrach as measúnú a dhéanamh ar chumas na cuideachta chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach, agus nochtadh a dhéanamh, de réir mar is infheidhmithe, ar ábhair a bhaineann le gnóthas leantach agus le húsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé i gceist acu an Grúpa agus an Chuideachta a leachtú nó deireadh a chur lena oibríochtaí, nó mura Stiúrthóirí an dara rogha acu i ndáiríre ach é sin a dhéanamh.

## Freagrachtaí an iniúchóra maidir leis na ráitis airgeadais a iniúchadh

Tá sé mar aidhm againn dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh sin i ngeall ar chalaois nó earráid, agus tuairisc an iniúchóra a eisiúint a bhfuil ár dtuairim inti. Is éard atá i gceist le dearbhú réasúnta ná ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go dtiocfaidh iniúchadh arna dhéanamh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) ar mhíshonrú ábhartha, nuair is ann dá leithéid, i ngach uile chás. D'fhéadfadh míshonruithe teacht chun cinn mar gheall ar chalaois nó earráid agus meastar ábhartha iad dá mbeifí ag súil ar bhonn réasúnta go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí arna nglacadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh a dhéantar de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire), cleachtaimid breithiúnas gairmiúil agus bíonn amhras gairmiúil orainn i rith an iniúchta go léir. Déanaimid freisin:

- Na rioscaí i leith mhíshonrú ábhartha na ráiteas airgeadais a shainaithint agus a mheasúnú, cé acu más calaois nó earráid is cúis leis, dearaimid agus tugaim faoi nósanna imeachta iniúchta a fhreagraíonn ar na rioscaí siúd, agus faighimid fianaise iniúchta ar leor agus ar cuí í le bunús a sholáthar dár dtuairim. Tá an riosca nach mbraithfear míshonrú ábhartha de bharr calaoise níos mó ná an riosca nach mbraithfear ceann de bharr earráide, ó tharla go bhféadfadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon turas, mífhaisnéis nó sárú ar rialú inmheánach a bheith i gceist le calaois.

- Tuiscint a fháil ar rialú inmheánach a bhaineann leis an iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá cuí sa chás áirithe atá i gceist, ach ní chun críche tuairim ar éifeachtacht rialú inmheánach na cuideachta a chur in iúl.

- Meastóireacht a dhéanamh ar cé chomh cuí agus a bhí na beartais chuntasaíochta a úsáideadh agus cé chomh réasúnta agus a bhí na meastacháin chuntasaíochta a rinne na stiúrthóirí agus na nithe gaolmhara a nocht siad.

- Tátal a bhaint maidir le cé chomh cuí is atá sé go bhfuil na stiúrthóirí ag úsáid bhunús cuntasaíochta an ghnóthais leantaigh agus, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, cé acu atá nó nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le himeachtaí nó dálaí a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Bhoird leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má bhainimid de thátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, ceanglaítear orainn aird a tharraingt i dtuarascáil an iniúchóra ar na nithe gaolmhara a nochtadh sna ráitis airgeadais nó, mura leor na nithe sin, ár dtuairim a leasú. Tá ár gconclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuaireamar go dtí dáta thuarascáil an iniúchóra. D'fhéadfadh sé, áfach, nach leanfadh an t-aonán (nó, más ábhartha, an grúpa) ar aghaidh mar ghnóthas leantach de bharr imeachtaí nó dálaí amach anseo.

- Meastóireacht a dhéanamh ar chur i láthair, ar struchtúr agus ar ábhar na ráiteas airgeadais trí chéile, na nithe a nochtadh san áireamh, agus cé acu a léiríonn nó nach léiríonn na ráitis airgeadais na hidirbhearta agus na himeachtaí atá taobh thiar díobh ar bhealach a chuireann i láthair go cóir iad.

Téimid i gcomhairle leo siúd atá freagrach as rialachas i ndáil le, i measc nithe eile, an raon agus an t-am atá beartaithe don iniúchadh agus fionnachtana suntasacha ón iniúchadh, lena n-áirítear aon easnaimh shuntasacha ar rialú inmheánach a shainaithníonn an t-iniúchóir i gcaitheamh an iniúchta.

Tá an tuarascáil seo ullmhaithe do chomhaltaí na cuideachta, agus dóibhsean amháin, mar chomhlacht de réir Alt 391 d'Acht na gCuideachtaí, 2014. Thugamar faoinár gcuid oibre ar an iniúchadh ionas go bhféadfaimis na nithe ar gá dúinn a lua do chomhaltaí na cuideachta i dtuarascáil iniúchóirí a lua agus ní chun críche ar bith eile. Chomh fada agus atá ceadaithe le dlí, ní ghlacaimid le freagracht ná ní ghabhaimid freagracht orainn féin maidir le haon duine seachas an chuideachta agus comhaltaí na cuideachta mar chomhlacht, as ár gcuid oibre ar an iniúchadh, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar thángamar orthu.

## Tuairisc ar cheanglais dhlíthiúla agus rialála eile

**Tuairim ar nithe eile arna leagan amach ag Acht na gCuideachtaí, 2014**

Bunaithe ar an obair a rinneamar i gcaitheamh an iniúchta agus uirthi sin amháin, tuairiscímid an méid seo a leanas:

- Fuaireamar an fhaisnéis ar fad agus gach míniú a mheasaimid a bheith riachtanach chun críocha an iniúchta.
- Inár dtuairim, ba leor taifid chuntasaíochta na cuideachta lena ligean dóibh na ráitis airgeadais a léamh gan stró agus a iniúchadh i gceart.
- Tá na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntasaíochta.
- Is é ár dtuairim go bhfuil an fhaisnéis a thugtar i dtuarascáil na stiúrthóirí ag teacht leis na ráitis airgeadais agus ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

## Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú orthu ar bhonn eisceachtúil

Bunaithe ar eolas agus tuiscint na cuideachta agus ar a timpeallacht a fuarthas le linn an iniúchta, níor shainaithin muid míráitis ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Níl aon rud le tuairisciú againn i leith na bhforálacha in Acht na gCuideachtaí, 2014 a cheanglaíonn orainn é a thuairisciú daoibh más é ár dtuairim nach ndéantar luach saothair stiúrthóirí agus idirbhearta arna sonrú sa dlí a nochtadh.



Emer O'Shaughnessy
**ar son agus thar ceann Deloitte Ireland LLP**
**Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil**
**Teach Deloitte & Touche**
Ardán Phort an Iarla
Baile Átha Cliath 2

29 Márta 2019

# Ráiteas Ioncaim

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

| | Nóta | **2018** | 2017 |
|---|---|---|---|
| | **€** | € | |
| Ioncam | 2 | **10,897,986** | 10,036,306 |
| Caiteachas oibriúcháin | 3 | **(10,897,986)** | (10,036,306) |
| **Brabús roimh cháin** | | **-** | - |
| Cáin ioncaim | 5 | **-** | - |
| **Brabús don bhliain airgeadais** | | **-** | - |

Ní raibh aon ghnóthachain nó caillteanais ag an gcuideachta sa bhliain airgeadais reatha nó sa bhliain airgeadais roimhe sin seachas iad siúd ar déileáladh leo sa ráiteas ioncaim thuas.

# Ráiteas ar Staid an Airgeadais

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

| | Nóta | **2018** | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | **€** | € |
| **Sócmhainní** | | | |
| Infháltais trádála agus eile | 6 | **1,181,027** | 769,447 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim | | **19,327,431** | 17,130,202 |
| **Sócmhainní reatha** | | **20,508,458** | 17,899,649 |
| **Iomlán na sócmhainní** | | **20,508,458** | 17,899,649 |
| **Cothromas** | | | |
| Scairchaipiteal | 8 | **125** | 125 |
| Cúlchistí eile | 8 | **2** | 2 |
| Tuilleamh coinnithe | | **-** | - |
| **Cothromas iomlán** | | **127** | 127 |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | 7 | **20,508,331** | 17,899,522 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **20,508,458** | 17,899,649 |
| **Iomlán an chothromais agus na ndliteanas** | | **20,508,458** | 17,899,649 |

Rinneadh na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh agus a údarú lena n-eisiúint ag an mbord stiúrthóirí ar an 24 Bealtaine 2023 agus síníodh thar a cheann iad ag:

John Daly
Cathaoirleach

Denis Creighton
Stiúrthóir

# Ráiteas um Athruithe sa Chothromas

## Don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018

| | Scairchaipiteal | Cúlchistí eile | Tuilleamh coinnithe | Cothromas iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € |
| Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2016 | 125 | 2 | - | 127 |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2017** | **125** | **2** | **-** | **127** |
| Brabús don bhliain airgeadais | - | - | - | - |
| **Iarmhéid amhail 31 Nollaig 2018** | **125** | **2** | **-** | **127** |

| | Nóta | **2018** | 2017 |
|---|---|---|---|
| | | **€** | € |
| **Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin:** | | | |
| Brabús don bhliain | | **-** | - |
| Coigeartuithe le haghaidh: | | | |
| Speansas cánach | | **-** | - |
| | | **-** | - |
| *Athruithe ar:* | | | |
| Suimeanna infhaighte trádála agus eile | | **(411,580)** | (35,964) |
| Suimeanna iníoctha trádála agus eile | | **2,608,809** | (715,589) |
| Airgead tirim a ghnóthaíodh / (a úsáideadh) ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin | | **2,197,229** | (751,553) |
| Cáin aisíoctha | | - | 4,447 |
| **Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **2,197,229** | (747,106) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Ús faighte | | **-** | - |
| **Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | **-** | - |
| **Glanmhéadú/(laghdú) ar airgead agus coibhéisí airgid** | | **2,197,229** | (747,106) |
| Airgead agus coibhéisí airgid amhail tús na bliana | | **17,130,202** | 17,877,308 |
| **Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana** | | **19,327,431** | 17,130,202 |

## 1. Beartais chuntasaíochta

Rinneadh na beartais chuntasóireachta atá leagtha amach anseo thíos a chur i bhfeidhm go seasta maidir le gach tréimhse atá curtha i láthair sna ráitis airgeadais seo.

### 1.1 Bunús an ullmhúcháin agus an ráiteas maidir le comhlíonadh

*Aonán tuairiscithe*

Cuideachta atá cláraithe agus sainchónaitheach in Éirinn is ea Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe na Cuideachta Duais-Bhannaí ('an Chuideachta').

*Ráiteas maidir le Comhlíonadh*
Ullmhaítear na ráitis airgeadais chomhdhlúite de réir Caighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS), arna nglacadh ag an Aontas Eorpach (IFRS AE).

*Gnóthas leantach*
Ullmhaíodh na ráitis airgeadais ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Tar éis measúnú a dhéanamh ar acmhainní na Cuideachta tá stiúrthóirí den tuairim go bhfuil dóthain acmhainní ag an gCuideachta chun leanúint ar aghaidh ag feidhmiú. Déanann an Chuideachta Scéim na nDuais-Bhannaí a riaradh faoi chonradh le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta a mhairfidh go dtí 31 Nollaig 2019. Cé nach bhfuil aon chinnteacht ag an bpointe seo maidir le todhchaí an chonartha seo tar éis an 31 Nollaig 2019 tá sé curtha in iúl dúinn ag GBCN go mbeifí ag súil go leanfaimid ag soláthar seirbhísí ar feadh tréimhse 3 mhí ar a laghad tar éis an dáta thuas. Ar an mbonn sin tá na Stiúrthóirí muiníneach go leanfaidh an conradh go dtí deireadh mhí an Mhárta 2020 ar a laghad.

*Bonn an tomhais*
Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn an chostais stairiúil.

*Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe*
Is in euro a chuirtear na ráitis airgeadais i láthair, agus is é sin airgeadra feidhmiúil na Cuideachta.

*Breithiúnais agus meastacháin a úsáid*
Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ní dhearna an bhainistíocht aon bhreithiúnais, meastacháin ná boinn tuisceana a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar bheartais chuntasaíochta na Cuideachta a chur i bhfeidhm agus ar shuim thuairiscithe na sócmhainní, na ndliteanas, an ioncaim agus na speansais. D'fhéadfaí go mbeadh difríochtaí ann idir na meastacháin sin agus na torthaí iarbhír.

### 1.2 Scéim na nDuais-Bhannaí

Déanann an Chuideachta Scéim na nDuais-Bhannaí a riar, ar scála comhaontaithe luach saothair. Cuirtear na cistí go rialta faoi bhráid Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, ag gníomhú thar ceann an Aire Airgeadais. Dílsítear sócmhainní agus dliteanais Scéim na nDuais-Bhannaí don Aire Airgeadais agus dá réir sin, ní áirítear iad i gClár Comhardaithe na Cuideachta.

### 1.3 Ioncam

Cuimsítear in ioncam luach na seirbhísí go léir a chuirtear ar fáil, arna ríomh de réir an chonartha chun Scéim na nDuais-Bhannaí a riar agus a dhíol, gan cáin bhreisluacha a áireamh.

### 1.4 Caiteachas fógraíochta agus cur chun cinn

Tá caiteachas fógraíochta agus cur chun cinn mar a thabhaítear é.

### 1.5 Cánachas

Cuimsíonn speansas cáin ioncaim cáin reatha agus iarchurtha. Aithnítear é sa ráiteas ioncaim ach amháin sa mhéid go mbaineann sé le comhcheangal gnó, nó le míreanna a aithnítear go díreach i gcothromas nó in ioncam cuimsitheach eile, agus sa chás sin aithnítear é go díreach i gcothromas nó ioncam cuimsitheach eile.

*Cáin reatha*
Cuimsíonn cáin reatha an cháin iníoctha nó infhaighte a bhfuiltear ag súil léi i leith an ioncaim nó an chaillteanais incháinithe don bhliain agus aon choigeartú ar an gcáin iníoctha nó infhaighte i leith blianta roimhe sin. Tomhaistear í ag ráta cánach a glacadh nó a glacadh sa tsubstaint ag an dáta tuairiscithe. Áirítear le cáin reatha aon cháin a eascraíonn as díbhinní freisin.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a fhritháireamh ach amháin má chomhlíontar critéir áirithe.

*Cáin iarchurtha*
Aithnítear cáin iarchurtha i ndáil le difríochtaí sealadacha idir suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas chun críche tuairiscithe airgeadais agus na suimeanna a úsáidtear chun críche cánachais. Ní aithnítear cáin iarchurtha i ndáil leo seo a leanas:

- difríochtaí sealadacha maidir le haitheantas tosaigh sócmhainní nó dliteanas in idirbheart nach comhcheangal gnó é agus nach ndéanann difear do bhrabús ná caillteanas cuntasaíochta ná inchánach;
- difríochtaí sealadacha a bhaineann le hinfheistíochtaí i bhfochuideachtaí, i gcomhlaigh agus i socrú sa mhéid go bhfuil sé ar chumas na cuideachta uainiúchán aisiompú na ndifríochtaí sealadacha a rialú, agus gur dócha nach n-aisiompófaí na difríochtaí sin go ceann i bhfad; agus
- difríochtaí sealadacha incháinithe a eascraíonn as aitheantas tosaigh cáilmheasa.

Aithnítear sócmhainní cánach iarchurtha le haghaidh caillteanais chánach neamhúsáidte, creidmheasanna cánach neamhúsáidte, difríochtaí sealadacha inasbhainte sa mhéid is gur dócha go mbeidh brabús incháinithe amach anseo ar fáil ar féidir iad a úsáid ina n-aghaidh. Déantar athbhreithniú ar shócmhainní cánach iarchurtha ar gach dáta tuairiscithe agus déantar iad a laghdú sa mhéid nach dócha a thuilleadh go ndéanfaí an sochar cánach gaolmhar a réadú; déantar laghduithe den sórt sin a aisiompú nuair a thagann feabhas ar dhóchúlacht na mbrabús incháinithe amach anseo.

Déantar athmheasúnú ar shócmhainní cánach iarchurtha neamhaitheanta ar gach dáta tuairiscithe agus aithnítear iad sa mhéid gur dócha go mbeidh brabúis incháinithe ar fáil amach anseo ar féidir iad a úsáid ina n-aghaidh.

Déantar an cháin iarchurtha a thomhas de réir na rátaí cánach a meastar go mbeidh feidhm leo i ndáil le difríochtaí sealadacha ar a n-aisiompú, bunaithe ar rátaí cánach arna nglacadh nó arna nglacadh sa tsubstaint ar dháta an tuairiscithe.

**1.6 Caighdeáin nua agus leasaithe IFRS atá i bhfeidhm don bhliain reatha**

*Tionchar a bhaineann le IFRS 9 Ionstraimí Airgeadais a chéadchur i ngníomh*
Sa bhliain reatha, chuir an Chuideachta Ionstraimí Airgeadais IFRS 9 (arna leasú i mí Iúil 2014) i bhfeidhm agus na leasuithe iarmhartacha gaolmhara ar Chaighdeáin IFRS eile atá i bhfeidhm ar feadh tréimhse bhliantúil a thosaíonn an 1 Eanáir 2018 nó ina dhiaidh. Ceadaíonn forálacha trasdula IFRS 9 d'eintiteas nach gá faisnéis chomparáideach a athshonru. Chomh maith leis sin, ghlac an Chuideachta le leasuithe iarmhartacha ar IFRS 7 Ionstraimí Airgeadais: Nochtuithe a cuireadh i bhfeidhm ar nanochtuithe do 2018 agus ar an tréimhse chomparáideach.

Níl aon athruithe tagtha ar shuimeanna tugtha anonn ionstraimí airgeadais an Ghrúpa mar thoradh ar athruithe sna catagóirí tomhais mar thoradh ar IFRS 9. Leantar de na sócmhainní airgeadais go léir a rangaíodh mar infháltais agus a tomhaiseadh ag costas amúchta a thomhas ag costas amúchta. Leantar de dhliteanais airgeadais a aicmiú mar chostas amúchta agus a thomhas ag costas amúchta. Ina theannta sin, níor athraigh feidhmiú na samhlach ECL faoi IFRS 9 suimeanna glanluacha shócmhainní airgeadais na Cuideachta. Lean suimeanna glanluacha na sócmhainní airgeadais ar aghaidh ag neasú a luachanna córa amhail dháta an aistrithe go IFRS 9.

*Tionchar a bhaineann le IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí a chur i ngníomh*
Sa bhliain reatha, chuir an Uimhir Cuideachta IFRS 15 Ioncam ó Chonarthaí le Custaiméirí (arna leasú in Aibreán 2016) atá éifeachtach ar feadh tréimhse bhliantúil dar tosach an 1 Eanáir 2018 nó dá éis sin a chur i bhfeidhm. Thug IFRS 15 isteach cur chuige 5 chéim maidir le hioncam a aithint. Tá treoir i bhfad níos mine curtha le IFRS 15 chun déileáil le cásanna sonracha.

Chuir an Grúpa IFRS 15 i bhfeidhm i gcomhréir leis an gcur chuige idirthréimhseach atá siarghabhálach go hiomlán agus úsáid á baint as gcaoithiúlacht phraiticiúil le haghaidh conarthaí críochnaithe in IFRS 15:C5(a) do gach tréimhse tuairiscithe a cuireadh i láthair roimh dháta an iarratais tosaigh, i.e. an 1 Eanáir 2018.

Tugtar thuas beartais chuntasaíochta na Cuideachta dá shruthanna ioncaim. Ní raibh tionchar ag feidhmiú IFRS 15 ar staid airgeadais ná ar fheidhmíocht airgeadais na Cuideachta.

**Caighdeáin, leasuithe agus léirmhínithe nua a eisíodh, ach nach bhfuil i bhfeidhm go fóill**

Ar dháta údaraithe na ráiteas airgeadais seo, bhí na caighdeáin agus na léirmhínithe seo a leanas nár cuireadh i bhfeidhm sna ráitis airgeadais seo eisithe ach ní raibh siad curtha in éifeacht:

| | |
|---|---|
| IFRS 3 (Leasú) Sainmhíniú ar Ghnó | 1 Eanáir 2020 |
| IFRS 9 (Leasú) Gnéithe Réamhíocaíochta le Cúiteamh Diúltach | 1 Eanáir 2019 |
| IFRS 10 (Leasú) Díolachán nó Ranníocaíocht Sócmhainní idir Infheisteoir agus a Fhiontar Comhlach nó Comhfhiontar | Roghnach |
| IFRS 16 Léasanna | 1 Eanáir 2019 |
| IFRS 17 Conarthaí Árachais | 1 Eanáir 2021 |
| IFRS 1 (Leasú) Sainmhíniú ar Ábhar | 1 Eanáir 2020 |
| IAS 8 (Leasú) Sainmhíniú ar Ábhar | 1 Eanáir 2020 |
| Plean IAS 19 (Leasú) Leasú, Ciorrú nó Socraíocht Plean | 1 Eanáir 2019 |
| IAS 28 (Leasú) Leasanna Fadtéarmacha i gComhlaigh agus i Socruithe Comhpháirteacha | 1 Eanáir 2019 |
| IAS 28 (Leasú) Díolachán nó Ranníocaíocht Sócmhainní idir Infheisteoir agus a Fhiontar Comhlach nó Comhfhiontar | Roghnach |
| Feabhsuithe Bliantúla ar Thimthriall 2015-2017 de Chaighdeáin IFRS (Leasú) | 1 Eanáir 2019 |
| IFRIC 23 Éiginnteacht maidir le Cóireálacha Cánach Ioncaim | 1 Eanáir 2019 |
| Leasuithe ar Thagairtí don Chreat Coincheapúil i gCaighdeáin IFRS | 1 Eanáir 2020 |

Cuirfear na caighdeáin agus na léirmhínithe thuasluaite i bhfeidhm ar mhaithe le ráitis airgeadais an Uimhir Cuideachta le héifeacht ó na dátaí a luaitear. Tá na stiúrthóirí ag déanamh measúnú faoi láthair ar an tionchar a bheadh ag caighdeáin agus na léirmhínithe seo a ghlacadh do thréimhsí don Chuideachta amach anseo.

## 2. Ioncam

| | **2018** | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Is mar seo a leanas a dhéantar anailís ar an infheistíocht: | | |
| Táillí conartha | **10,897,986** | 10,036,306 |

Is in Éirinn a tionscnaíodh an t-ioncam ar fad.

## 3. Costais Oibriúcháin

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Is mar seo a leanas a dhéantar anailís ar an infheistíocht: | | |
| Costais riaracháin agus dáileacháin | **10,883,986** | 10,022,306 |
| Luach saothair an iniúchóra | **14,000** | 14,000 |
| Luach saothair na stiúrthóirí | **-** | - |
| | 10,897,986 | 10,036,306 |

Is ionann meán líon na ndaoine a bhí fostaithe ag an gCuideachta sa bhliain airgeadais ná Nialas (2017: Nialas).

## 4. Conarthaí ábhartha agus nochtadh páirtithe gaolmhara

Rinne an Chuideachta conradh dar dáta an 27 Iúil 2010 le Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Déantar foráil sa chonradh go ndéanfaidh an chuideachta Scéim na nDuais-Bhannaí a riar go dtí an 31 Nollaig 2019, mura ndéantar an conradh a fhoirceannadh níos luaithe faoi chlásal 7 den chonradh. Sa bhliain airgeadais faoi athbhreithniú, d'aistrigh an Chuideachta glanchistí dar luach €213,373,335 (2017: €244,393,126) chuig Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta, a chuimsíonn fáltais do dhíolacháin Duais-Bhannaí lúide éilimh ar airgead tirim Duais-Bhannaí, íocaíochtaí duaise agus costais oibriúcháin. Ba ionann an glan-iarmhéid a bhí dlite do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta amhail an 31 Nollaig 2018 ná €7,924,713 (dlite do GBCN in 2017: €5,951,440).

Rinne an Chuideachta conradh dar dáta 27 Iúil 2010 le An Post. Déantar foráil sa chonradh go ndéanfaidh An Post gnéithe áirithe de Scéim na nDuais-Bhannaí a riar go dtí an 31 Nollaig 2019, mura ndéantar an conradh a fhoirceannadh níos luaithe faoi chlásal 3 den chonradh. De réir théarmaí an chonartha, ghnóthaigh An Post táillí iomlána €4,113,811 (2017: €4,037,728) le linn na bliana chun seirbhísí riaracháin a sholáthar. Seirbhísí eile dar luach €Nialas san iomlán (2017: (€16,190) curtha ar fáil don chuideachta ag cuideachtaí grúpa An Post. Ba ionann an méid a bhí dlite ag an gCuideachta do An Post amhail an 31 Nollaig 2018 agus €257,357 (2017: €247,021).

Rinne an Chuideachta conradh dar dáta 27 Iúil 2010 le FEXCO. Déantar foráil sa chonradh go ndéanfadh FEXCO gnéithe áirithe de Scéim na nDuais-Bhannaí a riar go dtí an 31 Nollaig 2019, mura ndéantar an conradh a fhoirceannadh níos luaithe faoi chlásal 3 den chonradh. De réir théarmaí an chonartha, ghnóthaigh FEXCO táillí iomlána €6,074,641 (2017: €5,853,480) le linn na bliana chun seirbhísí riaracháin a sholáthar. Ba ionann an méid a bhí dlite ag an gCuideachta do FEXCO amhail an 31 Nollaig 2018 agus €541,872 (2017: €503,367).

Bhí banna ag an gcuideachta ar fiú €4,004,544 (2017: €4,004,544) é i dtaisce le GBCN. Níor gnóthaíodh aon ús ar an mbanna sa bhliain reatha (2017: €Nialas).

## 5. Cáin ar bhrabús ar ghnáthghníomhaíochtaí

*a) Aitheanta i mbrabús nó i gcaillteanas*

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Cáin ioncaim don bhliain airgeadais | **-** | - |

*(b) Réiteach an ráta éifeachtaigh cánach*

| | **2018** | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Caillteanas roimh cháin | **-** | - |
| Ráta cánach reatha 12.5% (2017: 12.5%) | **-** | - |
| ***Éifeacht:*** | | |
| Ús loncaim ar a ngearrtar cáin ag ráta níos airde | **-** | - |
| Speansais nach asbhaintear chun críocha cánach | **-** | - |
| **Cáin iomlán don bhliain** | **-** | - |

Níor aithníodh sócmhainn chánach iarchurtha €6,091 (2017: €6,091) ar an mbonn nach gcreideann na stiúrthóirí go mbeidh go leor brabúis inchánach ann chun é sin a úsáid.

## 6. Suimeanna infhaighte trádála agus eile

| | **2018** | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| An méid atá dlite ó GBCN i leith táillí conartha | **764,873** | 735,799 |
| Aisíocaíocht CBL infhaighte | - | 33,648 |
| Suimeanna infhaighte | **416,154** | - |
| | **1,181,027** | 769,447 |

Tá suimeanna dlite ó GBCN atá saor ó ús agus iníoctha ach é a éileamh.

## 7. Suimeanna iníoctha trádála agus eile

| | **2018** | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Méid atá dlite do Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta | **8,689,586** | 6,687,239 |
| An Post | **257,357** | 247,021 |
| FEXCO | **541,872** | 503,367 |
| Buaiteoirí duaiseanna | **4,132,741** | 4,164,963 |
| CBL | **114,916** | - |
| Creidiúnaithe agus fabhruithe | **6,771,859** | 6,296,932 |
| | **20,508,331** | 17,899,522 |

Tá suimeanna dlite do GBCN agus páirtithe gaolmhara atá saor ó ús agus iníoctha ach é a éileamh.

Áirítear leis an bhfigiúr Creidiúnaithe agus Fabhruithe thuasluaite seiceanna gan íoc de €4.3m (2017 €4.5m) atá os cionn sé mhí d'aois.

## 8. Scairchaipiteal

| | **2018** | 2017 |
|---|---|---|
| | **€** | € |
| Údaraithe, leithroinnte, glaoite agus lánìoctha | | |
| 100 Gnáthscair ag €1.25 an ceann | **125** | 125 |

Ar an 30 Nollaig 2002, athainmníodh Gnáth-scairchaipiteal na Cuideachta ó €1.269738 an scair go €1.25 an scair. Cruthaíodh cúlchiste comhshó caipitil de €2 chun cuntas a thabhairt ar an difríocht a d'eascair ón athrú seo.

## 9. Ceangaltais chaipitil

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann ag deireadh na tréimhse tuairiscithe (2017: €Nialas).

## 10. Teagmhais

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ábhartha ag deireadh na tréimhse tuairiscithe (2017: €Nialas).

## 11. Ballraíocht ghrúpa agus páirtithe rialaithe

Tá an scairchaipiteal eisithe i seilbh An Post agus FEXCO, 50% an ceann. Tá ráitis airgeadais chomhdhlúite FEXCO agus An Post ar fáil don phobal ón Oifig na gCuideachtaí, Teach Parnell, 14 Cearnóg Parnell, Baile Átha Cliath 1.

## 12. Iar-theagmhais

Ní raibh aon imeachtaí idir dáta an chláir chomhardaithe agus an dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais seo a d'éileodh coigeartú nó nochtadh sna ráitis airgeadais seo.

## 13. Faomhadh an Bhoird

Rinne Bord na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ar an 28 Feabhra 2019.

## Faisnéis Fhorlíontach

Nach gclúdaítear i dTuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách

## 1. Duaischiste agus struchtúr

Socraítear an Duaischiste trí ús ar an gciste incháilithe a ríomh ag ráta a shocraíonn Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta. Níor tháinig aon athrú ar an ráta ó Lúnasa 2017. Braitheann líon na nduaiseanna a bhronntar gach seachtain ar mhéid iomlán an Duaischiste. Seo a leanas líon iomlán na nduaiseanna a bronnadh in 2018.

| *Líon* | *Luach* € |
|---|---|
| 2* | 1,000,000 |
| 50 | 50,000 |
| 520 | 1,000 |
| 520 | 500 |
| 223,382 | 50 |
| 224,474 | |

** Ó Lúnasa 2017 i leith, bronntar Duais Pota Óir de €1,000,000 faoi dhó sa bhliain, sa chrannchur deiridh ag deireadh mhí an Mheithimh agus deireadh mhí na Nollag. Bronntar príomhdhuais €50,000 gach seachtain eile.*

*Ba é luach iomlán na nduaiseanna a bronnadh in 2018 ná €16,449,100 (2017: €21,278,600).*

## 2. Tarraingt na n-uimhreacha

Is féidir na huimhreacha a tharraingítear sna crannchuir sheachtainiúla a fheiceáil ag an Ionad Infheistíochta Coigiltis Stáit atá suite in Oifig an Phoist Shráid San Aindrias, Baile Átha Cliath 2 nó ar líne ag www.prizebonds.ie

Minicíocht: Gach Aoine ar 12.30pm, faoi réir athraithe ag amanna ar nós na Cásca, na Nollag, etc.

## 3. Líon foirne – fochonraitheoirí

| *Ceannoifig an Phoist, Baile Átha Cliath* | |
|---|---|
| Bainistíocht Shinsearach | 1 |
| Meánbhainistíocht | 1 |
| Oibríochtúil | 7 |

| *Lárionad oibriúcháin Fexco, Cill Orglan* | |
|---|---|
| Bainistíocht Shinsearach | 1 |
| Meánbhainistíocht | 2 |
| Oibríochtúil | 66 |

## 4. Staitisticí

| | Díolacháin €000 | Aisíocaíocht €000 |
|---|---|---|
| Ean | 48,605 | 29,170 |
| Fea | 44,911 | 28,533 |
| Már | 45,574 | 25,794 |
| Aib | 46,512 | 23,390 |
| Beal | 61,877 | 26,358 |
| Mei | 50,013 | 24,415 |
| Iúil | 49,849 | 29,019 |
| Lún | 48,554 | 30,760 |
| MF | 42,495 | 27,818 |
| DF | 43,515 | 32,736 |
| Samh | 52,007 | 32,837 |
| Noll | 40,367 | 17,519 |
| **Iomlán** | **574,279** | **328,351** |

## 5. Cainéil díolacháin

| | |
|---|---|
| An Post: | In Oifig an Phoist ar bith |
| Tríd an bpost: | Coigilteas Stáit, Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2. |
| Ar an teileafón: | 1850 30 50 60 |
| Ar líne: | www.statesavings.ie |


## 6. Sealúchais Duais-Bhannaí amhail an 31 Nollaig 2018

| | |
|---|---|
| Líon na Sealúchas Duais-Bhannaí | 7.13 milliún |
| Luach an chiste | €3,415 milliún |


| Nótaí | **2018** | **2018** | 2017 | 2017 |
|---|---|---|---|---|
| | **€** | **€** | € | € |
| **Ioncam** | | | | |
| Díolacháin/admhálacha/láimhdeachas | **10,897,986** | | 10,036,306 | |
| Fáltais ó ghníomhaireachtaí Rialtais | - | | - | |
| Ioncam oibriúcháin eile | - | | - | |
| | | **10,897,986** | | 10,036,306 |
| Míreanna cuntais trádála | | | | |
| Costas díolachán | | **(-)** | | (-) |
| Brabúis chomhlána trádála | | **10,897,986** | | 10,036,306 |
| Speansais/asbhaintí | | | | |
| Tuarastail/pá, costais foirne | | **-** | - | |
| Fochonraitheoirí | | **-** | - | |
| Costas dlí agus gairmiúla | | **(16,625)** | (15,081) | |
| Costais priontála, postais agus stáiseanóireachta | | **-** | 16,190 | |
| Costais mhargaíochta | | **86,998** | 25,725 | |
| Costais an choimisiúin sheachtraigh | | **(2,398,193)** | (2,420,497) | |
| Costais oibriúcháin agus riaracháin | | **(1,692)** | (2,869) | |
| Costais a bhaineann le hairgeadas agus glanmhíreanna | | **(178,216)** | (133,064) | |
| Táillí conartha seachtraí | | **(8,390,258)** | (7,506,710) | |
| | | **(10,897,986)** | | (10,036,306) |
| Brabús ar ghnáthghníomhaíochtaí roimh chánachas | | - | | - |

# Staitisticí Oibriúcháin (neamhiniúchta)
## don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2018


### Luach an Chiste




### Luach na nDíolachán




### Iarratais ar Dhíolacháin





**An Chuideachta Duais-Bhannaí CGA**

**Seoladh Cláraithe na Cuideachta**
Ard-Oifig an Phoist, Sráid Uí Chonaill Íochtarach, Baile Átha Cliath 1, D01 F5P2.
Teil +353 1 705 7100; Facs +353 1 705 7473.

**StateSavings.ie**